Polaitíoċt

Oíċe na Sceana Fada ag Sean Iondúirí

Fearfeasa

Is minic daoine a bíos ag cur síos ar stair na Gearmáine ag tráċt faoi Oíċe na Sceana Fada, nuair a ċuir Hitler na daoine nárḃ áil leis amaċ as an Ṗáirtí, agus amaċ as a mbeaṫa. Beiḋ tráċt ar 1965 imeasc luċt Ḟianna Fáil ar an dóiġ ċéanna. Cinnte go leor, níor h-imreaḋ anbás nó íosbairt ar aon duine aċ, tugaḋ gaċ caḃair agus spreagaḋ do ḋaoine éirí as an Rialtas ar tús, agus ansin, díreaċ ar scor na Dála tugaḋ comairle do roinnt ṁaiṫ Teaċtaí go raiḃ sé in am acu scíste a ġlacaḋ. Ġlac siad go léir an coṁairle sin, aċ beirt, Máirtín Ó Corraiġ, sa leisceart, agus Feilim Mac Giolla Laoire, sa tuaisceart. Agus rinneaḋ gortglanaḋ iomlán ar ṗáirtí Ḟianna Fáil agus cuireaḋ pearsanraḋ nua do ḋaoine óga, trío is trío, isteaċ mar Teaċtaí Dála.

Ansin, fuaireamar Rialtas nua, atá óg, fuinniúil, gníoṁaċ. Agus muna ḃfuarṫas cuid mór ḃótaí breise féin, ḃail, fuarṫas Páirtí a ḃfuil súil acu ar an am atá le teaċt, agus ċoṁ maiṫ leis sin ar ndóiġ, páirtí naċ mbeiḋ oiread baol orṫa fá corrṫoġċán ins na laeṫeannta roṁainn.

Aċ, is cosúil naċ raiḃ deireaḋ leis an scéal fós. Mar ansin, ṫáinig cúrsaí ainmniúċán den tSeanad, agus ḃí cuid den dream óg ag meas, nuair a d'éiriġ leo ċoṁ maiṫ na seandaoine a ḃrú amaċ as an Dáil nár ṁiste tosnú ar an rud céanna a ḋéanaṁ sa tSeanad.

Anois, de ṫairḃe ainmniúċán don tSeanad, tá ḋá ṡlí lena ḟáil—ó'n taoḃ amuiġ, sin na Coṁluċta Ainmniúċáin, agus ón taoḃ istiġ, sin Dáil Éireann, nó taoḃ poiliticiúil. Ní raiḃ smaċt ar biṫ ag páirtí Ḟianna Fáil, nó na politiceoirí óga ar ainmniúċáin ón taoḃ amuiġ, agus mar sin de, duine ar biṫ a fuair na h-ainmniúċáin sin ins na rollaí ar leiṫ, ċaiṫfí iad a ligint os coṁair an ṗobail, agus na toġṫóirí féin a mbreiṫ a ṫaḃairt orṫa.

Aċ, níorḃ é sin ċor ar biṫ don ainmniúċán insan Dáil. An tseaċtain céanna dtáinig an Dáil le ċéile, ḃí sé socair go mbeaḋ guṫaíoċt insan ṗáirtí fá ċoinne na n-ainmniúċán a ċuirfí ar fó-rolla an Oireaċtais den tSeanad. Cuireann gaċ Dáil-Ċeantar ainm aṁáin suas le leagan os coṁair an Ṗáirtí agus ansin, is féidir leis an gCoiste Náisiúnta ainmneaċa eile do ċur leis.

Ḃí a lán naċ ḃfuair a gcuid ainmneaċa ċoṁ fada leis an Ċoiste Náisiúnta féin an t-am seo, ar an áḃar go raiḃ an iomad istiġ a ċaill a suíoċán agus go gcaiṫfí tús áite a ṫaḃairt dóiḃ. Mar sin ḟéin, taréis na n-ainmniúċáin óna Dáil Ċeantair uile a ṁeas, ċuir an Coiste Náisiúnta 16 eile leis. Cuireaḋ iad fá ġuṫaíoċt ansin, agus ḃí oiread áiriṫe le piocaḋ ar gaċ rolla, de réir mar ṁeas an ceannasaíoċt ab' ḟearr a mbeaḋ seans go n-eireoḋ leo.

Sin mar ḃíoḋ blianta eile, agus sin mar a ḃeaḋ i mbliana, aċ, le linn na ḃótála, ṫáinig rud éigin eile i gceist—an "Ṗáipéar.'

Cá dtáinig sé as? Cé ċuir amaċ é? Ní ḟios. Aċ, ḃí an 'páipéar' ann. Ḃí sé ag dul ṫart. Ḃí sé ag dul ó láiṁ go láiṁ. Connaicṫeas ag Máirtín Ó Corraiġ é, aċ ní raiḃ aon eolas ag Máirtín Ó Corraiġ cérḃ as a ṫáinig sé. Connaicteas ag Pádraic é, aċ ní raiḃ eolas ar biṫ ag Pádraic cá ḃfuarṫas é. Ḃí sé ag é siúd agus é seo, aċ ní raiḃ éinne freagarṫaċ gur ċuir siad amaċ é. Ċuaiġ sé ó láiṁ go láiṁ agus ċonnaic gaċ duine é. Agus ainmneaċa iarraṫóirí a ḃí air ar gaċ uile ċeann de na rollaí. Agus ḃí rud ar leiṫ le taḃairt fé ndear faoi na h-ainmneaċa, ḋá rud dá ndéarfinn é—an ċéad ċeann, gur daoine nua, agus daoine réasúnta óg ab' ea tromlaċ dá raiḃ ar an páipéar, agus uiṁir a dó, go raiḃ liosta na n-ainmneaċa ar an páipéar seo, ana ċosúil ar fad, leis an liosta gur éiriġ leo san deireaḋ, nuair a ḃí an guṫaíoċt ṫart.

Ḃí a ċuid tuairimí féin ag ċuile duine. Daoine a rá gurḃ é an Faffia ba ċúis leis. Daoine eile a rá gurḃ é An Buaċaill Órḋa a ḃítaoḃ ṫiar de. Aċ, cidé mar ḃí, ṫáinig an t-aṫrú. Agus insan ḃotaíoċt ag an Ṗáirtí, do ṫit cloigne go tiuġ, agus cloigne a raiḃ cliú mór orṫa. Ina measc sin, ḃí, mar ṡompla, Seán Ó Bráḋaiġ as Co. an Ċláir, agus Seán Hayes agus duine mór le rá, insan taoḃ ṫuaiḋ den tír, Tomás Ó Ruaḋáin, agus cuireaḋ a lán daoine nua, ċoṁ maiṫ le Teaċtaí Dála, ar buaḋ orṫa, isteaċ ar ċuid na Dála den ṗanel. Ar ndóiġe, ḃí fear aṁáin naċ raiḃ sásta go mbrúfaí amaċ amlaiḋ, mar ḃí Tomás Ó Ruaḋáin, agus d'éiriġ leis ceiṫre ainmneaċa d'ḟáil le é d'ainmniú do réir reaċt, é féin. An nglacfaiḋ an Páirtí leis? Sin ceist nár réitíoḋ fós. Measaim go nglacfaiḋ.

Sin mar ṫárla cibé ar biṫ. Agus is mó an ċaint atá faoi. Aċ tá caint faoi rudaí eile freisin. Cé'n fáṫ naċ ḃfuil córas réitiṫe níos fearr ag Fianna Fáil? Mar ṡompla. tá cúig suíoċán acu ar an Rolla Oibreaċais, agus níor ainmniġ siad aċ cúigear, mar sin, do réir cosúlaċta, tá an cúigear cinnte le ḋul isteaċ. Aċ, ar an rolla Riaraċáin, mar sompla. tá ceiṫre suíoċáin acu, agus taire reaṫa a ḃuaiġ siad na ceiṫre suíoċáin aċ, tá oċtar ainmniṫe acu do na ceiṫre suíoċáin sin. An amlaiḋ go dteastaíonn uaṫa iad a ċur ag gearraḋ scórnaí a ċéile? Agus ar an rolla Saíoċta agus Oideaċais, ḃuaiġ siad suíoċán an t-am deiriḋ, rud a d'ḟág trí supoċán as cúig acu, aċ. an t-am seo, tá 8 nó 9 iarraṫóir acu do na trí suíoċáin sin.

Agus ní raiḃ sé seo séanta ar Ḟine Gael aċ oiread. Ṫugadar fé ndear go maiṫ é, aċ ḋeineadar beart dá réir. An t-am deireanaċ, ċaill Fine Gael ḋá ṡuíoċán ar an rolla Saíoċta agus Oideaċais. Ḃí trí suíoċán acu ar an rolla sin — ċaill siad ceann aṁáin do Ḟianna Fáil agus ceann don Luċt Oibre, agus fágaḋ iad le suíoċán aṁáin as cúig.

An t-am seo, nuair a d'éiriġ an tOllaṁ Ó hAoḋa as, agus nuair naċ raiḃ Palmer, as Ciarraí ag dul ar aġaiḋ arís, beirt a ḃí ina n-iarraṫóirí an t-am deireannaċ, níor ṫóġ an Páirtí aċ duine aṁáin, Ó Cuiġlaí, ar fó-rolla an Oireaċtais, ina n-ionad. Is ionann seo agus a rá go ḃfuil Ó Cuiġlaí lán-ċinnte do na ṡuíoċán, gan aon obair nó stró ar biṫ a ḋéanaṁ. Deirtear go raiḃ sé ag teastáil insan tSeanad, agus nár ġlac an Páirtí seans ar biṫ, go gcuirfeaḋ iarraṫóir eile amaċ é.

Aċ, ċoṁ maiṫ leis sin, beiḋ [illegible] ḃótaí le sparáil agus go gcuirfear iad leis an ḃóta maiṫ mór a fuair Seoirse Ó hAilín an t-am deireanaċ, breis agus 50. Agus mar sin de, beiḋ Ó hAilín insan dara h-áit taréis Liam Ó Buaċalla, agus bainfiḋ sé suíoċán do Ḟine Gael.

Tá sé seo beagnaċ cinnte. Agus an fear adeirtear a ṡocraiġ amlaiḋ é, agus a ṡocraiġ naċ mbeaḋ an triú iarraṫóir ag Fine Gael nó an maor nua ar an Páirtí — L'Estrange. Agus teastaíonn Ó hAilín uaiḋ mar Ṡeanadóir le cuid den gnáṫ obair a ḋéanaṁ insan Dáil-Ċeantar sa ḃaile.

Sin é an fáṫ gur ċosc sé ar an dara iarraṫóir Ḟine Gael dul suas ar an fó-rolla seo. Agus de réir ċosúlaċta, d'éiriġ leis insan Páirtí. Ḃeaḋ ceaċt le foġlaim ag Fianna Fáil as seo.

Fearfeasa.

Milleaḋ Ailleaċt Tíre sa Ḃearnas

Caint Ġéar agus Cáineaḋ ag Coṁairle Condae

Ag cruinniú de Ċoṁairle Co. Dún na nGall an tseaċtain seo caite, laḃair an tUasal S. C. Orange go láidir agus go tréan in éadan a beiṫ ag cur suas cuaillí Ḃord Soláṫar Leictreaċas i mbearna Ḃearnais, agus ag milleaḋ áillneaċt náḋurṫa na h-áite.

Ṡocraiġ an Coṁairle ar labairt leis an Aire Rialtas Áitiúil agus an tAire Iompair agus Cuṁaċta, féaċaint le cinntiú go gcuirfí na cuaillí seo bealaċ eile agus an bearna a ḟágáil saor ó cuaillí.

Dúirt an tUasal Orange i ḃfianaise an brú mór fá ċoinne turasóireaċt san ċondae agus cúrsaí pleanála, go raiḃ sé fíor amaideaċ ligint do Ḃord Soláṫar an Leictreaċais na cuaillí seo a ċur suas i mbearna Ḃearnais — ceann de na h-áiteaċa ba deise sa ċondae. Ba ċeart a ċinntiú, tré aċaine ċuiġ an Aire Rialtas Áitiúil go gcuirfí stop leis an obair seo, agus gan ligint do Ḃord Soláṫar an Leictreaċas ceann de na h-áilneaċtaí ba ṁó sa ċondae a ṁilleaḋ.

Ċaḃraiġ C. Ó Gallċoḃair leis an ṁolaḋ, agus dúirt sé go millfí áilneaċt náḋúrṫa an ḃearna. Ní ḋearna condae ar biṫ aċ Ciarraí, níos mó den turasóireaċt ná rinneaḋ i dTír Ċonaill.

Ag caḃrú leis an rúin, dúirt Pádraic Ó Doṁnaill go raiḃ insan ḃearna, áit a raiḃ aiṫne air ar fud na tíre go léir. Níor ċeart na rudaí seo a ċur suas insan ḃearna, a raiḃ níos mó cliú air ná an Gap of Dunloe, i gCiarraí. Ní raiḃ cúis ar biṫ naċ gcuirfí na línte leictreaċas faoi talaṁ.

Ċaḃraiġ Criostóir Ó Miaṫáin leis fosta.

An Eangaċ Leictreaċ Aris

Níltear sásta faoi an eangaċ nua a raiḃ tuairisc faoi insan ṗáipéar seo tá cúpla seaċtain ó ṡin. Ḃí sé ráite gur don tráiléir Pursuit, faoi Caṫal Mac Gaḃann a ḃí an eangaċ Seapánaċ seo ḋá ḟáil, ar a mbeaḋ gléasraí leictreaċ a ṫarraingeóḋ na bradáin isteaċ ann, agus a d'innseóḋ cé méid bradán a ḃí san eangaċ. Ḃí imní ar an Coiste Iascaireaċta i mBéal Áṫa Seanaiġ agus scríoḃ siad ċuiġ an Roinn faoi, agus ċuir siad isteaċ giota as an páipéar mar geall air. Díreaċ ag an am ċéanna, is cosúil gur scríoḃ an Roinn, agus ċuir siad siteaċ photostat den méid a ḃí san páipéar ag iarraiḋ ar an ċoiste a gcuid tuairimí a ṫaḃairt faoi, agus fiosrúċáin a ḋéanaṁ faoi.

Ṗlé an coiste faoi rún é i mBéal Áṫa Seanaiġ. Ní ḋearna an Ḃord aon ráiteas aċ deirtear go ndéanfaiḋ siad ráiteas amaċ anseo.

Bord an Iar Ḋeiscirt

Tamall ó ṡin toġaḋ Alphonsus Bennett, Ard a' Ráṫa mar rúnaí-cisteoir don triú bliain don Roinn do Iar-Ḋeiscirt Dún na nGall, i gCumann Lúṫ-Ċleas Gael. Go lua i mí Aibreán, piocaḋ Alphonsus Bennett mar léiriṫeoir ar sníoṁ báinín, ag Aonaċ an Doṁain i Nua Eaḃraċ, agus ar an 17ú lá de Aibreán, d'ḟág sé le dul go Nua Eaḃraċ. Gan aon duine ceapaiṫe lena áit a ġlacaḋ.

Ḃí cruinniú den Ḃord in Ard a' Ráta Dé hAoine seo caite, nuair a ḃí na h-ionadaiṫe seo i láṫair: S. Mac Ruaiḋrí, Co.C., P. Mac Grianna, D. Mac Grannaċáin, S. Ó Doṁnaill, Rann na Feirste. N. Mac Cóil, ón Cloċán Liaṫ, D. Mac Suiḃne, Seán Ó Doṁnaill, óna Gleanntaí, T. Mac Giolla, O.S., S. Ó Cianaiġ. C. Bennett agus S. Ó Gallċoḃair ⁊ D. Ó hEoċaiḋ, ó Ard a' Ráṫa, D. Craiḃín, B.A., P. Mac Gaḃann, óna Cealla Beaga, Breandán Mac Seáin, S. Ó Baoill, agus M. Mac Fionnlaoiċ, S. Ó hEiḋne, C. Ó Liaṫáin, O. Mac an tSaoir, C. Ó Cuinneagáin, T. Purcell agus C. Ó Cannáin, ó St. Columba's.

Cuireaḋ rún coṁḃróin i ḃfeiḋm leis an caṫaoirleaċ i mbás a ḋearṫáir agus le muintir Neron. Gleann Cuaċ, Ard a' Ráṫa, faoi ḃás Míċeál Neron.

Ansin molaḋ oċtar do ṗost an rúnaí, aċ taréis an díospóireaċt, socraíoḋ d'aon guṫ go gceapfaí Dónal Mac Suiḃne, Na Gleanntaí, mar rúnaí - cisteoir. agus Breandán Mac Seáin, Cill Cárṫa, mar ċúntóir.

Ṡocraiġ an Ḃord go ḃféadfaí imireoirí ó ṗaráistí Carraig ⁊ Gleanncolmcille a bíoḋ ag imirt le Naoṁ Muire, anuraiḋ, a aistriú go dtí an Cumann nua, Cumann Naoṁ Colmcille i bparáistí Carraig agus Gleanncolmcille. Ċeadaiġ siad den ċumann úr seo. an ċéad ċomórtas peil sinsearaċ a ċur ar siúl ag Gleanncolmcille ar an ċéad Doṁnaċ i Lúnasa. Beiḋ an ċéad ċruinniú eile den Ḃord ar na Gleanntaí ar an Aoine seo ċugainn, an 21ú Bealtaine, ag a 9 a'ċloġ.

Poilitíoċt Oibriṫe Bóṫar

Ag cruinniú Ċoṁairle Condae Dún na nGall, agus ag freagairt ceste ó Ṗádraic Ó Doṁnaill, T.D., dúirt an rúnaí condae, an tUasal Ó Searcaiġ, go raiḃ 75 oibríṫe bóṫar naċ dtáinig ag obair ar an 7ú lá d'Aibreán, lá an toġċáin. Dúirt an tUasal Ó Doṁnaill, go raiḃ neart daoine ag fanaċt le obair a ḟáil.

Dúirt an Bainisteoir naċ níocfaí na daoine naċ dtáinig ag obair an lá sin. Ṫiocfaiḋ leo fios a ḃeiṫ acu roiṁ ré naċ raiḃ siad ag teaċt.

Ċuir S. Mac Ruaiḋrí ceist, an raiḃ ceart ag an Oifigeaċ Cúnganta, lá toġċán a ġlacaḋ mar lá saoire. Dúirt an Bainisteoir Condae dá mbeaḋ lá saoire ag teastáil ó ḋuine go gcaiṫfeaḋ sé cead d'ḟáil roiṁré. Ní raiḃ sé mí-réasúnta, adúirt sé, duine a ligint ar ṡiúl fá ċoinne obair toġċáin.

Cormac Ó Breisleáin — Tá sé soiléir ón ċeist seo, agus ó'n freagra, go ḃfuil tromlaċ mór na n-oibríṫe i nDún na nGall taoḃ ṫiar de Ḟianna Fáil.

Pádraig Ó Doṁnaill — Tuigeann an Teaċta Ó Breisleáin an rud a ḃí taoḃ ṫiar den ċeist. Deirim-se naċ raiḃ ann aċ bagairt, agus gan aon rud eile. A ṫug na fir seo ag obair do Ḟianna Fáil.

Pobal níos Lú

Indiaiḋ Sacraimint Dul fé Láiṁ Easpag a ṫaḃairt do 70 gasuírí agus girseaċaí ón ċeantar, in Culdaff, an tseaċtain seo caite, dúirt an Dr. Sár-Oirṁinneaċ Ó Fearráin, gur ṁór an trua naċ raiḃ níos mó páistí ansin. Céad bliain ó ṡin, in 1865, ḃí iomlán de 293 páistí. Ba ṁór an trua an titim san daonra idir an dá linn, adúirt sé. Agus le níos lú páistí, leanfaḋ an titim. Aċ, ḃí coṁarṫaí ann anois, dá dtaḃarfaí an treor a ba ċeart do na páistí, go ḃféadfaí sin a aṫrú san am a ḃí le teaċt.

Aċ, olc agus mar atá sé in Inis Eoin, **is seaċt measa is atá** sé san taoḃ ṫiar de Ḋún na nGall, ins na ceantair Gaeltaċta. Níl Easpag ar biṫ in Raṫḃoṫ go fóill, aċ, dá mbeaḋ, is cinnte go mbeaḋ sé ag tráċt **agus** é ag dul ṫart ag taḃairt Dul fé Láiṁ Easpag do na páistí, fá'n fíor ḃeagán páistí atá anois san áit a raiḃ na sluaiṫe céad bliain ó ṡin, frío an taoḃ ṫiar den condae.

Cill Ċárṫa

Cúis bróin insan ṗaráiste uiliġ, agus taoḃ amuiġ de, bás Ṁíċíl Uí Ḋoṁnaill, Cill Cárṫa. Ḃí sé ós cionn na gceiṫre-scór agus le cúpla mí anuas ní raiḃ an tsláinte ċoṁ maiṫ sin aige. Fear breá den tsean ḋéanaṁ a ḃí ann agus ḃí aċan duine go maiṫ dó. Go dtí gur éiriġ sé as, tá cúpla bliain ó ṡin, ḃí sé mar siopadóir agus ceannaí agus ceannaí éisc. Ina ḋiaiḋ sin, ḃí sé ina soláṫartaí do áḃar tógála. Ḃí sé i gcoṁar le Míċeál Óg Mac Páidín i mbunú Craoḃ Ċill Cárṫa den A.O.H. Ṫáinig mac dó, Pádraic, na ḃaile ó Nua Eaḃraċ, le cuairt a ṫaḃairt air cúpla lá roiṁe na ḃás. Ṫáinig iníon dó, Lelia, Bean Uí Dóláin. S.R.N., ar eiteallán don tórraṁ. Ċuaiġ tórraṁ an ṁór leis ó Teaċ Pobail Naoṁ Cárṫa, áit ar ḋúirt an tAṫair Ó Luaḋóg an tAifreann, go dtí an reiliġ. Ṫug an tAṫair Mac Fionnlaoiċ, Sagart na Paráiste árd ṁolaḋ dó, as ċoṁ díograsaċ agus a ḃí sé le cleaċtaḋ an ċreidiṁ ina ḃeaṫa. Níṫear coṁḃrón lena ċlann, Míċeál, Phil agus Pádraic. i Nua Eaḃraċ, Seán, sa ḃaile, Máire Ní Ḋoṁnaill, Máiréad Bean Uí hEireaċtaiġ agus Eiblín Bean Uí Ċarmodaiġ, Baile Áṫa Cliaṫ, Áine Bean Uí Ċléiriġ, Leitir Ċeanainn, G. Bean Cabe, Leicester, Sasain, agus Bríd Bean Ṁic Conaill, Bun Crannaiġ, Lelia Bean Uí Ḋóláin, Nua Eaḃraċ, agus le Pádraic Ó Doṁnaill, Baile Mun, agus Peadar Ó Doṁnaill, Falcarraċ, dearṫáraċa.

Iris Leaḃar Beo Suimiúl

Tigeann AGUS ċugainn mar ġlór na nGaeilgeoirí ó Ċorcaí. Insan eagrán seo de Ḃealtaine, 1965, tá roinnt caint fíor ṡuimiúl insan eagar-ḟocal faoi Conraḋ na Gaeilge, agus níor ṁiste do aċan ḋuine ar an Ċoiste Gnóṫa é a léaṁ go cúramaċ.

D'ḟéadfaḋ sé aṫrú treo a ċur ar polasaí an Ċonarṫa. Aċ, arís, sé colún Linde, an ċéad ċolún a léiġtear agus cím go ḃfuil Helme Puts, a bíoḋ ag teagasc i gColáiste Cróna anuraiḋ, luaiṫe insan dréaċt sin an mí seo, agus cuntas an tsuimúil ar rudaí a ḃí ar siúl aici, ag Árd Ḟeis Conraḋ na Gaeilge i gCorcaí, agus roiṁe agus indiaiḋ na hArd Ḟeise ċoṁ maiṫ faoi ṫráċt ann.

Tá roinnt nuaíoċt ann ó Londain, agus ina measc, nuaíoċt ó Ġaeltaċt na hAlban. Tá dréaċt deas ag Seán Ó Riain ar "Gadaiṫe na Linn Seo." Aṁrán nuaċumṫa ó Ṁíċeál Ó Gaoiṫín, as na Blascaodaí Lá, ar "An Deoraí Ón Iarṫar." Is fiú a léaṁ agus a aṫ-léaṁ. Cúpla rud faoi ċoim, le tuiscint as an leaṫanaċ "Cogar.' Is maiṫ mar atá AGUS ag dul ar aġaiḋ. Go raṫaiġ Dia le Muintir Ċorcaí.